## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2020

# Scéim Mharcála

## Gaeilge

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Páipéar I (160 marc)**

**Cuid I - Cluastuiscint - 60 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | Tuiscint | = **60** marc |
| **(ii)** | Cumas Gaeilge | - (**0-6)** |
| **(iii)** | **Iomlán** | = |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Fógra 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Comhrá 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **12 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| | **6 + 6** | **=** | **<u>12 mharc</u>** |

**<u>24 + 24 + 12 = 60</u>**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

**An Triail Chluastuisceana**

**Ardleibhéal/Gnáthleibhéal**

## Cuid A

### Fógra a hAon (Canúint Uladh)

Seo fógra ó RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cuirfear tús le clár nua ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an naoú lá déag de mhí Mheán Fómhair. *Bladhaire* an t-ainm a bheidh ar an gclár nua. Beidh an clár nua ar siúl ar a trí a chlog gach Déardaoin agus gach Aoine. Ar an gclár, cloisfear plé ar chúrsaí siamsaíochta agus beidh trácht ar imeachtaí ar fud na tíre. Beidh ceol beo ann sa stiúideo agus, chomh maith leis sin, cuirfear agallamh ar aíonna suimiúla. Is í Áine Ní Bhreisleáin a bheidh mar láithreoir ar an gclár seo. Bígí ag éisteacht.

### Fógra a Dó (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Sheol Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tionscnamh nua i mí Eanáir dhá mhíle is a hocht déag. *Fáilte ar Líne* is ainm don tionscnamh nua seo. Is é atá i gceist leis an tionscnamh seo ná cúrsaí Gaeilge ar líne. Tugann an tionscnamh seo deis do dhaoine an Ghaeilge a fhoghlaim agus eolas a fháil ar stair na teanga agus ar chultúr na hÉireann. Maireann gach cúrsa ar feadh ceithre seachtaine. Tá an-éileamh ar na cúrsaí seo mar tá na mílte duine as céad daichead tír éagsúil cláraithe ar na cúrsaí go dtí seo. Cuireann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Crannchur Náisiúnta maoiniú ar fáil don tionscnamh seo.

## Cuid B

### Comhrá a hAon (Canúint na Mumhan)

**An Chéad Mhír**

**Úna:** Conas atá tú, a Phóil?

**Pól:** Mothaím tuirseach traochta faoi láthair, a Úna. Táim ag súil go mór leis an deireadh seachtaine seo. Tá mé i mo bhall de Chomhairle na Scoláirí agus d'eagraíomar Seachtain na Folláine ar scoil le seachtain anuas.

**Úna:** Maith thú. Cad iad na téamaí a bhain le Seachtain na Folláine, a Phóil?

**Pól:** Bhuel, a Úna, bhí trí théama ann – itheachán sláintiúil, aclaíocht rialta agus meabhairshláinte dhearfach.

**Úna:** Cad a d'eagraigh sibh ar scoil chun na scoláirí a chur ar an eolas faoi nósanna itheacháin?

**Pól:** Chuir na múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile ranganna cócaireachta ar siúl. D'ullmhaigh siad béilí sláintiúla. Chuir siad comhairle ar na scoláirí faoin tábhacht a bhaineann le haiste bia shláintiúil a leanúint.

**Úna:** Tá an t-ábhar sin tráthúil go leor na laethanta seo. Tá méadú ar líon na ndaoine atá murtallach sa tír seo. Deir na saineolaithe sláinte go bhfuil baint ag drochnósanna itheacháin le daoine a bheith murtallach. Itheann daoine an iomarca mearbhia, dar leo. Ólann siad an iomarca deochanna siúcrúla.

**Pól:** Is údar mór imní é an murtall in Éirinn faoi láthair.

**An Dara Mír**

**Úna:** Agus cuireann easpa aclaíochta leis an murtall chomh maith. Ar eagraigh sibh lá aclaíochta, a Phóil?

**Pól:** D'eagraigh, cinnte. Bhí lá aclaíochta againn Dé Céadaoin. Bhí comórtas cispheile ar siúl do na scoláirí sóisearacha. Bhí cluiche sacair ar siúl idir na múinteoirí agus na scoláirí sa chúigiú bliain. Bhí ranganna ióga ann don séú bliain.

**Úna:** Tá an aclaíocht rialta tábhachtach do na scoláirí sa lá atá inniu ann. Cuireann na scrúduithe agus córas na bpointí brú mór ar na scoláirí dara leibhéal. An raibh cainteanna agaibh faoi chúram meabhairshláinte?

**Pól:** Bhí. Labhair aoichainteoir leis na scoláirí sinsearacha faoin tsláinte intinne. Rinne sí go leor moltaí: am a thógáil le scíth a ligean, caitheamh aimsire folláin a bheith acu, agus bealaí le déileáil leis an strus.

**Úna:** Tá gaisce déanta agaibh ar mhaithe le pobal na scoile. Tóg sos ag an deireadh seachtaine.

**Pól:** Tógfaidh mé cinnte, a Úna.

**Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)**

**An Chéad Mhír**

**Orla:** Heileo, a Pheadair. Fáilte romhat ar ais ar an Ollscoil. Conas a chaith tú an samhradh?

**Peadar:** Bhuel, a Orla, chaith mé dhá mhí ag obair mar threoraí in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc.

**Orla:** Ó, a Pheadair, nach ortsa a bhí an t-ádh. Cad iad na cáilíochtaí a bhí riachtanach don phost sin?

**Peadar:** Bhí tuiscint ar chúrsaí oidhreachta, scileanna maithe cumarsáide agus Gaeilge líofa ag teastáil don phost.

**Orla:** Cad iad na dualgais a bhí ort mar threoraí?

**Peadar:** Chuir mé fáilte roimh na cuairteoirí. Mhínigh mé na taispeántais dóibh. Thug mé cuntas dóibh ar an gceangal a bhí ag Pádraig Mac Piarais le ceantar Chonamara.

**Orla:** Ba dheas an rud é post suimiúil mar sin a fháil don samhradh.

**An Dara Mír**

**Peadar:** An raibh post agat féin sa samhradh, a Orla?

**Orla:** Faraor, ní raibh aon phost agam. Bhínn ag obair in ollmhargadh i mo cheantar dúchais gach samhradh ach dúnadh an t-ollmhargadh sin anuraidh.

**Peadar:** Cén fáth ar dúnadh an t-ollmhargadh sin, a Orla?

**Orla:** Bhuel, is i gceantar tuaithe atá mé i mo chónaí agus tá titim ar an daonra ann. Ní raibh brabús á dhéanamh ag úinéirí an ollmhargaidh. Mar is eol duit, tá a lán daoine ag imeacht as na ceantair thuaithe agus ag bogadh isteach sna bailte móra sa lá atá inniu ann.

**Peadar:** Cén fáth a bhfuil daoine ag fágáil na gceantar tuaithe, dar leat, a Orla?

**Orla:** Tá go leor cúiseanna leis sin. Níl fostaíocht ná seirbhísí riachtanacha ar fáil sna ceantair thuaithe. Agus tá rogha níos fearr áiseanna sna bailte móra.

**Peadar:** An bhfuil mórán seirbhísí fágtha i do cheantar tuaithe féin anois?

**Orla:** Níl. Dúnadh Oifig an Phoist i mí Aibreáin. Chuaigh an dochtúir teaghlaigh ar scor i mí na Bealtaine agus níl dochtúir ar fáil sa cheantar ó shin. Tá sé truamhéalach ar fad.

**Peadar:** Tá an tuath bánaithe cinnte, a Orla.

## Cuid C

### Píosa a hAon (Canúint na Mumhan)

Osclaíodh droichead nua thar abhainn na Laoi i gCorcaigh ar an seachtú lá is fiche de mhí Mheán Fómhair anuraidh. Ainmníodh an droichead sin i gcuimhne ar an oibrí cabhrach Mary Elmes. Rugadh Mary Elmes i gcathair Chorcaí sa bhliain míle naoi gcéad is a hocht. Chuaigh sí go dtí an Spáinn tar éis di a cuid cúrsaí tríú leibhéal a chríochnú. Bhí an Cogadh Cathartha ar siúl sa Spáinn ag an am sin. D’oibrigh sí in ospidéal ansin ag cabhrú le páistí a bhí ag fulaingt le linn an chogaidh. Ina dhiaidh sin, chuaigh sí go dtí an Fhrainc. Rinne Mary Elmes gaisce le linn an Dara Cogadh Domhanda. Shábháil sí páistí Giúdacha ó na campaí géibhinn.

### Píosa a Dó (Canúint Uladh)

Bhuaigh foireann rugbaí na hAfraice Theas Corn an Domhain sa rugbaí anuraidh. Nuair a bronnadh an corn ar chaptaen na foirne, Siya Kolisi, bhain sé áit ar leith amach i stair rugbaí na hAfraice Theas. Ba é Siya an chéad chaptaen den chine gorm ar fhoireann a thíre riamh. Bhí muintir Siya bocht le linn a óige. Bhíodh air codladh ar an urlár sa seomra suí. Ba mhinic nach mbíodh aon bhia ag a mhuintir. Thosaigh Siya ag imirt rugbaí go proifisiúnta nuair a bhí sé ocht mbliana déag d’aois. San óráid a rinne Siya nuair a bhí sé ag glacadh le Corn an Domhain sa rugbaí, mhínigh sé go raibh imreoirí ó chiníocha éagsúla ar an bhfoireann. Dúirt sé go raibh na himreoirí go léir ag imirt ar son mhuintir na hAfraice Theas ar fad, idir gheal agus ghorm. Bhí dóchas ag na himreoirí go gcabhródh an bua seo le pobail éagsúla na tíre a thabhairt le chéile níos fearr.

## *Cuid A (24 marc)*

### FÓGRA A hAON (12 mharc)

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cén stáisiún raidió a chuir amach an fógra seo? | (RTÉ Raidió) na Gaeltachta / RnaG / RNG **3 mharc**<br>RTÉ /RTE **1 mharc** |
| Cén dáta a chuirfear tús leis an gclár nua? | 19 Meán Fómhair **3 mharc**<br>19/9 **3 mharc** |
| Scríobh síos lá **amháin** a bheidh an clár nua ar siúl gach seachtain. | Déardaoin **3 mharc**<br>Aoine **3 mharc** |
| Cén sórt ceoil a bheidh ann sa stiúideo? | (Ceol) beo **3 mharc** |

### FÓGRA A DÓ (12 mharc)

**1.** **(a)** Cén Ollscoil a sheol an tionscnamh nua? **3 mharc**

(Ollscoil) Chathair Bhaile Átha Cliath = 3 mharc
Baile Átha Cliath / B. Á. C. = 1 mharc

**(b)** Cad is ainm don tionscnamh nua seo? **3 mharc**

Fáilte ar Líne = 3 mharc

**2.** **(a)** Cén cineál cúrsaí a chuireann an tionscnamh seo ar fáil? **3 mharc**

(Cúrsaí) Gaeilge = 3 mharc
(Cúrsaí) Gaeilge ar líne = 3 mharc
(Cúrsaí) ar líne = 1 mharc

**(b)** Cá fhad a mhaireann gach cúrsa? **3 mharc**

Ceithre seachtaine = 3 mharc
4 seachtaine = 3 mharc

## *Cuid B (24 marc)*

**COMHRÁ A hAON (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Conas a mhothaíonn Pól faoi láthair? **3 mharc**

Tuirseach traochta = 3 mharc
Tuirseach = 3 mharc
Traochta = 3 mharc

**2.** Cén sórt ranganna a chuir na múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile ar siúl? **3 mharc**

Cócaireacht(a) = 3 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cad a bhí ar siúl do na scoláirí sóisearacha ar an lá aclaíochta? **3 mharc**

Comórtas cispheile = 3 mharc
Cispheil = 2 mharc
Cluiche cispheile = 2 mharc
Comórtas = 1 mharc

**2.** Scríobh síos rud **amháin** a chuireann brú mór ar na scoláirí dara leibhéal, dar le hÚna. **3 mharc**

Na scrúduithe = 3 mharc
Córas na bpointí = 3 mharc
Pointí = 2 mharc

**COMHRÁ A DÓ (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá bhfuil Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh? **3 mharc**

Ros Muc = 3 mharc
I gConamara = 3 mharc
Gaillimh = 1 mharc

**2.** Cén sórt Gaeilge a bhí ag teastáil don phost? **3 mharc**

Líofa = 3 mharc
An-mhaith = 3 mharc
Caighdeán ard = 3 mharc

*An Dara Mír*

**1.** Cén áit ina ceantar dúchais a mbíodh Orla ag obair sa samhradh? **3 mharc**

(In) ollmhargadh = 3 mharc

**2.** Cad a tharla i mí Aibreáin sa cheantar tuaithe ina bhfuil Orla ina cónaí? **3 mharc**

Dúnadh Oifig an Phoist = 3 mharc
A lán daoine ag imeacht as na ceantair thuaithe = 3 mharc
A lán daoine ag bogadh isteach sna bailte móra = 3 mharc

## *Cuid C (12 mharc)*

**PÍOSA A hAON (6 mharc)**

**1.** Cén bhliain a rugadh Mary Elmes? **3 mharc**

1908 = 3 mharc
Míle naoi gcéad is a hocht = 3 mharc

**2.** Cár oibrigh Mary Elmes le linn an Chogaidh Chathartha sa Spáinn? **3 mharc**

(In) ospidéal = 3 mharc

**PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

**1.** Cén ról a bhí ag Siya Kolisi ar fhoireann rugbaí na hAfraice Theas? **3 mharc**

Captaen = 3 mharc
Bronnadh an corn air = 1 mharc
Rinne sé óráid = 1 mharc

**2.** Scríobh síos rud **amháin** a thaispeánann go raibh muintir Siya bocht le linn a óige. **3 mharc**

Bhíodh air codladh ar an urlár sa seomra suí = 3 mharc
Bhíodh air codladh ar an urlár = 3 mharc
Ba mhinic nach mbíodh aon bhia ag a mhuintir = 3 mharc
Gan aon bhia ag a mhuintir = 2 mharc
Gan aon bhia = 2 mharc
Gan aon airgead = 2 mharc
Codladh ar an urlár = 2 mharc

Eolas (60) =

Gaeilge (0-6) =

Móriomlán (60) =

## Cuid II – Ceapadóireacht – (100 marc)

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:

| | |
|---|---|
| Tasc | = 2 mharc |
| Ábhar | = 8 marc |
| Cumas Gaeilge | = 40 marc |
| | = 50 marc x 2 = **100 marc** |

An Tasc (2 mharc)
Tá 2 mharc le bronnadh má chomhlíontar an tasc, má éiríonn leis an iarrthóir Giota Leanúnach/Blag **nó** Scéal **nó** Litir/Ríomhphost **nó** Comhrá a scríobh.

An tÁbhar (8 marc)
Tá 8 marc ag dul don ábhar. Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir na spreagthaí sa teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.
**Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ad rem**.

An Cumas Gaeilge (40 marc)
Tá **dhá** ghné i gceist le cumas:

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha)

**agus**

(ii) Cruinneas Gaeilge = Beachtas maidir le cruinnúsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) agus litriú

**Nóta**: Is ceart creidiúint a thabhairt do dhea-Ghaeilge le tic a chur leis na múnlaí maithe cainte agus is ceart na mórbhotúin sa teanga a mharcáil trí líne a chur fúthu.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

T (Tasc) (2) =

Á (Ábhar) (8) =

G (Gaeilge) (40) =

| Réimse | | | Catagóir | 40 |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 95% | 38 |
| | | Meánach | 90% | 36 |
| | | Íseal | 85% | 34 |
| **An-mhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 80% | 32 |
| | | Meánach | 75% | 30 |
| | | Íseal | 70% | 28 |
| **Maith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 65% | 26 |
| | | Meánach | 60% | 24 |
| | | Íseal | 55% | 22 |
| **Maith go leor** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 50% | 20 |
| | | Meánach | 45% | 18 |
| | | Íseal | 40% | 16 |
| **Lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 35% | 14 |
| | | Meánach | 30% | 12 |
| | | Íseal | 25% | 10 |
| **An-lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 20% | 8 |
| | | Meánach | 15% | 6 |
| | | Íseal | 10% | 4 |
| **Easnamhach** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | | 5% | 2 |

**Páipéar II (200 marc)**

**CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**A – (50 marc)**

**An tAthrú Aeráide**

**1.** (a) Cad is brí leis an téarma 'athrú aeráide'? (Alt 1) **5 mharc**

- Is éard is brí leis an téarma 'athrú aeráide' ná an t-athrú ar ghnáthphatrúin na haimsire in áit faoi leith le linn tréimhse áirithe ama = 5 mharc
- An t-athrú ar ghnáthphatrúin na haimsire in áit faoi leith le linn tréimhse áirithe ama = 5 mharc

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin tonn teasa a bhí in Éirinn i samhradh 2018. (Alt 1)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Bhí an teocht os cionn an mheáin
- Bhí triomach ann
- Bhí an t-uisce gann

**2.** (a) Cad is cúis leis an athrú aeráide, dar leis na heolaithe aeráide? (Alt 2) **5 mharc**

- Tá an pláinéad ag éirí níos teo agus is é an méadú ar theocht an domhain is cúis leis an athrú aeráide = 5 mharc
- Tá an pláinéad ag éirí níos teo = 5 mharc
- An méadú ar theocht an domhain = 5 mharc

(b) Tabhair **dhá** athrú atá le feiceáil ar na patrúin aimsire anseo in Éirinn anois. (Alt 2)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad athrú atá ceart = **3** mharc; an dara hathrú atá ceart = **2** mharc

- Bíonn laethanta an tsamhraidh níos teo **agus** níos tirime (dhá athrú) = 5 mharc
- Bíonn laethanta an tsamhraidh níos teo = athrú amháin
- Bíonn laethanta an tsamhraidh níos tirime = athrú amháin
- Bíonn níos mó drochstoirmeacha ann sa gheimhreadh = athrú amháin

**3.** (a) Scríobh síos **dhá** rud a tharlaíonn nuair a dhóitear na breoslaí: gual, gás, móin, ola, peitreal agus díosal. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Déantar dé-ocsaíd charbóin nó déantar $CO_2$
- Scaoiltear dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar nó scaoiltear $CO_2$ san atmaisféar
- Éiríonn an pláinéad níos teo dá bharr sin

(b) Luaigh **dhá** rud a scaoileann meatán agus ocsaíd nítriúil san atmaisféar. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Na hainmhithe ar fheirmeacha
- Na cairn aoiligh
- Leasachán talún ina bhfuil nítrigin

**4.** (a) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil Greta Thunberg míshásta leis na polaiteoirí ar fud an domhain. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3** mharc; an dara cúis atá ceart = **2** mharc

- Deir sí nach bhfuil siad ag dul i ngleic go macánta leis an athrú aeráide
- Creideann sí nach bhfuil siad ag éisteacht leis na heolaithe
- Deir sí go bhfuil na daoine óga ag brath ar na polaiteoirí chun an pláinéad a choinneáil slán

(b) Cad iad an **dá** rud a rinne na daoine óga ag Tionól Aeráide na nÓg i nDáil Éireann i mí na Samhna seo caite? (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Ghlac siad páirt i ndíospóireachtaí faoi ghéarchéim na haeráide
- Mhol siad bealaí chun an pobal a chur ar an eolas faoin athrú aeráide

**5.** (a) Tabhair **dhá** bhealach atá luaite i bplean aeráide an rialtais chun leibhéal an charbóin san atmaisféar a ísliú sa tír seo faoin mbliain 2030. (Alt 5) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad bhealach atá ceart = **3** mharc; an dara bealach atá ceart = **2** mharc

- Beidh cánacha carbóin le híoc (ar úsáid breoslaí)
- Teastaíonn ón rialtas deireadh a chur le córais teasa a dhónn gás agus ola
- Beidh níos lú carranna díosail agus peitril ann
- Beidh níos mó carranna leictreacha ar na bóithre
- Beidh scéimeanna ann chun níos mó crann a chur
- Tabharfar isteach bealaí nua glasa san fheirmeoireacht

(b) Scríobh síos **dhá** rud is féidir le gach duine a dhéanamh ina shaol laethúil ar son an phláinéid. (Alt 5) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Is féidir soilse a shábháil nuair nach bhfuil gá leo
- Is féidir teas a shábháil nuair nach bhfuil gá leis
- Is féidir uisce a shábháil nuair nach bhfuil gá leis
- Is féidir a bheith ag siúl níos minice
- Is féidir a bheith ag rothaíocht níos minice

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = …

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

E (50) =
G (0-5) = -
Iom =

**B – (50 marc)**

**Mná agus an Spórt**

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.
**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Scríobh síos an **dá** chúis a raibh an rámhaí, Sanita Puspure, sa nuacht i mí Mheán Fómhair seo caite. (Alt 1) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3** mharc; an dara cúis atá ceart = **2** mharc

- Bhuaigh Sanita an bonn óir den dara huair as a chéile i gcomórtas an chéaslaire aonair i gCraobh an Domhain
- Cháiligh sí do na Cluichí Oilimpeacha (i dTóiceo)

(b) Cén gaisce a rinne foireann haca na mban i mí na Samhna seo caite? (Alt 1) **5 mharc**

- D'éirigh leo áit a bhaint amach den chéad uair riamh sna Cluichí Oilimpeacha (i dTóiceo)

**2.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais a thaispeánann go raibh spórt na mban in Éirinn chun deiridh ar spórt na bhfear ar feadh na mblianta. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Ní bhíodh lucht féachana mór i láthair ag imeachtaí spóirt na mban
- Ní bhíodh tuairiscí ar spórt na mban ar na meáin chumarsáide
- Ní bhíodh tacaíocht cheart airgid ag spórt na mban

(b) Luaigh **dhá** sprioc atá ag an bhfeachtas 20 x 20. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad sprioc atá ceart = **3** mharc; an dara sprioc atá ceart = **2** mharc

- Go dtiocfadh méadú fiche faoin gcéad ar líon na mban a bhíonn páirteach sa spórt
- Go dtiocfadh méadú fiche faoin gcéad ar líon na ndaoine a bhíonn i láthair ag imeachtaí spóirt na mban
- Go dtiocfadh méadú fiche faoin gcéad ar an gclúdach a dhéantar ar spórt na mban sna meáin chumarsáide

**3.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin líon daoine a d'fhreastail ar chluichí ceannais pheil na mban i bPáirc an Chrócaigh anuraidh. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc** = **5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Bhí níos mó ná caoga a sé míle duine i láthair
- Ba é sin an líon daoine ba mhó a d'fhreastail riamh ar na cluichí ceannais sin

(b) Conas atá peil na mban á cur chun cinn ag TG4 le beagnach fiche bliain anuas? (Alt 3)
**5 mharc**

- Déanann TG4 urraíocht ar Chraobhchomórtais Pheil na mBan = 5 mharc
- Craoltar na cluichí beo ar TG4 = 5 mharc

**4.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi na láithreoirí ar chlár RTÉ *The Sunday Game*. (Alt 4)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Fir ar fad a chuir an clár i láthair ó thosaigh sé (sa bhliain 1979)
- Roghnaíodh Joanne Cantwell mar láithreoir sa bhliain 2018

(b) Scríobh síos **dhá** rud a thaispeánann tábhacht an spóirt i saol na réaltaí ar na cláir *Mná Spóirt: Croí is Anam*. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Cuireann siad aithne ar chairde nua sa spórt
- Cuireann an spórt lena bhféinmhuinín

**5.** (a) Tabhair an **dá** chúis mhórtais a bhí ag Katie Taylor ag na Cluichí Oilimpeacha i Londain in 2012. (Alt 5) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis mhórtais atá ceart = **3** mharc; an dara cúis mhórtais atá ceart = **2** mharc

- Bhí dornálaíocht na mban ina cluiche oifigiúil Oilimpeach den chéad uair riamh
- Bhuaigh Katie féin bonn óir sa dornálaíocht sna Cluichí Oilimpeacha sin

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin lúthchleasaí, Sonia O'Sullivan. (Alt 5)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Fiche bliain ó shin, bhuaigh sí bonn airgid sa rás 5000 méadar sna Cluichí Oilimpeacha in Sydney
- Tá ardmheas uirthi i gcónaí mar gheall ar an méid a bhain sí amach sa lúthchleasaíocht

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = …

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

E (50) =
G (0-5) = -
Iom =

| CEIST 2 | PRÓS – AINMNITHE nó ROGHNACH – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).**

| A | – PRÓS AINMNITHE – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a) Dís**

Freagair na ceisteanna thíos faoin ngearrscéal *Dís*.

**(25 marc)**

(i) Tabhair **dhá** chúis a raibh bean Sheáin míshásta le Seán i dtús an ghearrscéil.
**Dhá** chúis = **3** mharc + **2** mharc (**5** mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Bhí sí ina haonar sa teach ag tabhairt aire do pháiste, gan comhluadar daoine fásta, i rith an lae…
- Bhí sí ag súil go mór le dreas comhrá a bheith aici le Seán tar éis dó filleadh abhaile
- Nuair a tháinig Seán abhaile, ní raibh aon fhonn cainte air…
- Ní raibh uaidh ach a scíth a ligean agus an páipéar a léamh. Chuir sé sin fearg agus díomá uirthi…
- Cheap sí nach raibh suim ag Seán inti…
- Mheas sí go raibh an rud a bhí le léamh sa pháipéar níos tábhachtaí ná an rud a bhí le rá aici féin…
- Bhí Seán míshásta nuair a d'iarr a bhean air a bheith ag caint léi agus an páipéar a chur síos. 'Muna bhféadfadh fear suí cois tine agus páipéar a léamh tar éis a lá oibre' a dúirt sé. Chuir an méid a dúirt sé fearg uirthi agus bhí uirthi a mheabhrú dó go raibh sise ag obair freisin sa teach. Mheas sí go raibh Seán ag déanamh talamh slán di féin agus dá cuid oibre sa teach…
- Bhí fearg uirthi le Seán ag tús an ghearrscéil mar níor thaispeáin sé grá di ná meas uirthi. Thug sé freagraí gearra ar a bhean 'Hu'. Thug sé neamhaird ar a bhean. Níor léirigh sé grá di tar éis dó teacht abhaile. Níor luaigh sé a hainm fiú. Ní raibh aon tuiscint aige ar an saol uaigneach a bhí aici, gafa sa teach, lá i ndiaidh lae le leanbh óg, gearrtha amach ó chomhluadar daoine fásta. Bhí Seán róghafa lena shaol féin…

(ii) Cén toradh a bhí ar an suirbhé, de réir an eolais ar an bpáipéar?

(**5** mharc)

**Freagra Samplach:**

- An ceathrú cuid de mhná pósta na hÉireann míshona míshásta = 5 mharc

(iii) Conas a mhothaigh bean Sheáin an mhaidin ar tháinig bean an tsuirbhé chuig an teach? Tabhair **dhá** chúis ar mhothaigh sí mar sin.

An mothúchán = **1** mharc - míshásta, feargach, crosta…

**Dhá** chúis = **2** mharc + **2** mharc (**5** mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Bhí sí míshásta mar rinne Seán rud éigin a chuir fearg agus olc uirthi an mhaidin sin, nó an oíche roimhe sin…
- Bhí an mhaidin gruama, dorcha, duairc…
- Bhí an teach trí chéile, bun os cionn tar éis an deireadh seachtaine…
- Bhí billí le híoc mar shampla an bille leictreach…
- Mí Eanáir a bhí ann agus bhí duairceas ag baint leis an tráth sin bliana…
- Bhí na 'sales' ar siúl agus ní raibh aon airgead breise aici chun dul ag siopadóireacht…

(iv) Scríobh síos **dhá** rud a dúirt bean Sheáin le bean an tsuirbhé faoi na fir.

**Dhá** rud = **3** mharc + **2** mharc (**5** mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Diabhail nó drochdhaoine amach is amach a bhí iontu
- Bligeaird amach is amach a bhí iontu
- Bhí na mná marbh riamh acu
- Bhí na mná mar sclábhaithe nó mar sheirbhísigh acu

(v) Cén sórt duine ba ea bean an tsuirbhé, dar leat?
Tabhair **dhá** phointe eolais as an scéal.

An sórt duine = **1** mharc

**Dhá** phointe eolais = **2** mharc + **2** mharc (**5** mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Bean neamhspleách ba ea í. Bhí a post féin aici. Bhí sí ag tuilleamh airgid. Bhí sí pósta agus ag súil le páiste…
- Bean ghlic a bhí inti. Mheall sí bean Sheáin chun na ceisteanna a fhreagairt. Fuair sí na freagraí a bhí uaithi…
- Duine leithleach, mímhacánta ba ea í. Duirt sí le bean Sheáin go raibh sí ag iompar linbh. Phléigh sí obair ionadaíochta léi le linn di a bheith ar shaoire mháithreachais. Mhúscail sí dóchas i mbean Sheáin. Bheadh post ag bean Sheáin agus airgead aici chun sorn nua a cheannach. Bhí bean Sheáin ag tnúth go mór leis seo. Ach, níor tháinig a plean chun críche. Ní raibh ann ach plean chun bean Sheáin a mhealladh chun freagraí na gceisteanna sa suirbhé a fháil…
- Bhí sí go maith le daoine. Réitigh sí go maith le bean Sheáin…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b) Oisín i dTír na nÓg**

**(25 marc)**

'Cuirim geasa ort nach bhfulaingíonn fíorlaoch, a Oisín fhéil,' arsa Niamh Chinn Óir, 'mura dtaga tú ar ais liom go Tír na nÓg.'
Tabhair cuntas ar na rudaí a tharla d'Oisín ón am a d'imigh sé le Niamh Chinn Óir go Tír na nÓg go dtí gur fhill sé ar Éirinn.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Ghlac Oisín go fonnmhar le cuireadh ó Niamh dul léi go Tír na nÓg…
- Léim siad beirt ar mhuin an eich bháin agus d'fhág Oisín slán go brónach le Fionn agus leis na Fianna…
- Thug an capall aghaidh ar an bhfarraige agus thráigh na tonnta rompu agus líon siad ina ndiaidh…
- Shroich siad dún Rí na mBeo, áit ina raibh iníon an rí i ngéibheann ag Fómhar Builleach… Throid Oisín trí oíche agus trí lá le Fómhar Builleach agus bhain sé an ceann de agus lig sé saor iníon Rí na mBeo…
- Ghluais siad leo thar farraige go dtí gur shroich siad Tír na nÓg. Cuireadh fáilte mhór rompu…
- Bhí féasta deich n-oíche agus deich lá i ndún an rí agus pósadh Niamh Chinn Óir agus Oisín. Bhí saol buan i ndán d'Oisín agus bheadh sé choíche óg i dTír na nÓg…
- Chaith Oisín agus Niamh blianta fada go sona sásta le chéile i dTír na nÓg. Bhí beirt mhac agus iníon amháin acu…
- Cé go raibh an saol ar a thoil ag Oisín, theastaigh uaidh Fionn agus na Fianna a fheiceáil arís. D'iarr sé ar Niamh an t-each bán a thabhairt dó chun go dtabharfadh sé cuairt ar Éirinn…
- Thoiligh sí an capall a thabhairt dó ach thug sí trí rabhadh d'Oisín gan cos a leagan ar thalamh na hÉireann. Dúirt sí leis dá ligfeadh sé an capall uaidh go n-éireodh sé sean, liath, gan lúth, gan léim, gan amharc súl…
- D'fhág Oisín slán ag a chlann agus thug sé a aghaidh ar Éirinn. Nuair a shroich sé Éire, ní raibh tásc ná tuairisc ar Fhionn ná ar na Fianna…
- Bhuail sé le Naomh Pádraig. Chuaigh sé go hAlmhain Laighean chun teach Fhinn a fheiceáil. Ní raibh ann ach neantóga agus fiailí. Ar theacht go Gleann na Smól dó, thug sé cabhair do bhuíon a bhí cromtha faoi leac mhór. Bhris giorta an chapaill agus go tobann, bhí Oisín ina sheasamh ar thalamh na hÉireann. Chaill Oisín an capall bán. Chaill sé a lúth, a neart, a dheilbh agus radharc na súl…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

| B | – PRÓS ROGHNACH – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**
Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghearrscéil sin, dar leat. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin sa ghearrscéal.

**(25 marc)**

An príomhthéama a lua = **1** mharc
Na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin = **22** marc

**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)

(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.
Teideal an ghearrscéil = **1** mharc
Ainm an údair = **1** mharc

(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin ó thús go deireadh an scéil. **(25 marc)**

An phríomhphearsa (an príomhcharachtar) a ainmniú = **1** mharc
**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)

(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an scéil bhéaloidis **=** **2** mharc

(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

| CEIST 3 | FILÍOCHT – AINMNITHE nó ROGHNACH – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).**

| A | – FILÍOCHT AINMNITHE – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a) Géibheann** (**25** marc)

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 1-8 sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí Samplacha:**

- Ainmhí fiáin allta atá i gceist…
- Bhí cónaí air san fhiántas sna trópaicí, uair dá raibh…
- Bhí clú agus cáil amuigh ar an ainmhí de bharr a chrutha agus a áilleachta…
- Bhí fuinneamh ann, uair amháin…
- Bhí sé láidir…
- Ainmhí bródúil mórtasach agus cumhachtach a chuirtear os ár gcomhair, a iarrann orainn féachaint air…bhí sé lán de dhínit, lán de spiorad…
- Bhí sé ábalta crainn na foraoise a luascadh lena bhúir…
- Bhí sé ina thimpeallacht nádúrtha féin – 'na teochreasa', bhí sé saor agus bhí spás aige…
- Bhí meas ag daoine air…

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán, gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Conas a mhothaíonn an t-ainmhí sna línte 9-12 sa dán, dar leat?
Tabhair **dhá** fháth, **i d 'fhocail féin**, a mothaíonn sé mar sin.

(**8** marc)

Mar a mhothaíonn sé = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **3** mharc

**Freagraí Samplacha:** Mothúcháin: trua, brón, díomá, frustrachas, fearg, éadóchas…

- Níl an t-ainmhí sásta lena shaol anois…
- Tá sé gafa i ngairdín na n-ainmhithe…
- Níl ach crann amháin os a chomhair in áit na foraoise ba dhual dó…
- Tá sé lag, ina luí, gan fuinneamh, i ngéibheann sa zú…
- Is cuimhin leis an saol a bhí aige sna teochreasa agus cuireann sé sin brón air…
- Tá sé taobh thiar de bharraí iarainn, gan spás agus mar thaispeántas anois…

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán, gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) An bhfuil an t-ainmhí sásta sna línte 13-17 sa dán, dar leat?
Cuir fáthanna, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(**9** marc)

Tá / Níl = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí Samplacha: Níl** an t-ainmhí sásta…tá sé gafa, teanntaithe taobh thiar de bharraí iarainn sa zú…tagann cuairteoirí lá i ndiaidh lae ag féachaint air ach níl aon duine sásta é a ligean saor…níl ann ach taispeántas anois…tá an saol sa zú mínádúrtha d'ainmhí fiáin mar é…
**Tá** an t-ainmhí sásta…tá sé compordach…na céadta duine ag teacht ar cuairt chuige…

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar na fáthanna = **2** mharc + **2** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(b) An tEarrach Thiar**

(i) (a) Conas atá an aimsir i véarsa a haon? (**2** mharc)

**Freagraí samplacha:** Tá an aimsir go breá / te / brothallach / grianmhar…'i mbrothall lae'…

(b) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na mná i véarsa a trí. (**2** mharc + **2** mharc)

**Freagraí samplacha:**

- Tá na mná thíos i locháin uisce ar an gcladach agus an taoide tráite
- Tá siad ag bailiú feamainne
- Tá a gcótaí / a sciortaí fada tarraingthe suas acu chun nach bhfliuchfaí iad
- Tá an ghrian ag spalpadh anuas orthu
- Tá a scáilí le feiceáil thíos fúthu
- Tá na mná ag comhoibriú/ag cabhrú le chéile

(c) Cén fhuaim atá le cloisteáil i véarsa a ceathair? (**2** mharc)

**Freagraí samplacha:** Tá fuaim lag, fholamh na maidí rámha le cloisteáil 'toll-bhuillí…rámha' le cloisteáil…

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a dó. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:** Tá an fear ag caitheamh cliabh / ciseán feamainne dá dhroim…tá an fear tar éis an fheamainn a iompar aníos ón trá bhán chlochach…tá an ghrian ag taitneamh anuas air…

**Nóta:** Línte cuí díreach ó véarsa a dó gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (**9** marc)

Is maith / Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Sampla: Is** maith liom an dán seo mar is maith liom an téama…is maith liom na mothúcháin…tá a lán íomhánna ann...faighim eolas faoi shaol na ndaoine ar Árainn fadó…baineann an file úsáid as fuaimeanna agus as dathanna sa dán…tá an dán suimiúil…
**Ní** maith liom an dán seo mar tá sé brónach…tá cur síos ar an gcineál saoil a bhí ar Árainn fadó agus níl sé suimiúil…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

| **B** | **– FILÍOCHT ROGHNACH –** | **(50 marc)** |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(**9** marc)

**Dhá** phointe eolais = **5** mharc + **4** mharc

(ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán. (**7** marc)

An mothúchán is láidre = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(**2** mharc)

Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(**9** marc)

Príomhthéama an dáin = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

(ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá suimiúil, dar leat.
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)
(**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (**7** marc)

Is maith / Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)

Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúdaithe luaite ar na leatháin mharcála agus réiltín (*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirfear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge**:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc

| **Aicme** | **Cur síos ar chatagóirí** | **Marc as 40** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 34-40 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 28-33 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 22-27 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 16-21 |
| Lag | Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 10-15 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4-9 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0-3 |

Ní mór don scrúdaitheoir "**SMM i bhfeidhm-scrúd.**" a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán